


Iúil 2014



Ag cur ceartas do chách chun cinn

# uachtanna agus díthiomnacht



B'fhéidir go mbeadh suim agat freisin sa leabhrán 'Probháid' de chuid FLAC ina gclúdaítear an próiseas a bhaineann le dul i mbun forálacha uachta.

Tá uachtanna agus díthiomnacht faoi rialú an Achta Comharbais 1965

### Cén fáth ar chóir dom uacht a dhéanamh?

Is é an t-aon bhealach le todhchaí na ndaoine sin a bhfuil tú ceanúil orthu a chosaint ná le huacht. Nuair a bhásóidh tú, caithfear do ghnóthaí a thabhairt chun críche. Is dócha go mbeidh billí le híoc agus maoin le dáileadh.

Simplítear é sin uile má dhéantar uacht. Le huacht, féadfaidh tú cinneadh a dhéanamh maidir le cé a gheobhaidh céard, le beagán moille agus trioblóide. Mura ndéanfaidh tú uacht, is leis an dlí – dlí na díthiomnachta (féach thíos) – a chinnfear dáileadh do chuid sócmhainní agus dá bhrí sin ní bhfaighidh daoine lasmuigh de do theaghlach aon rud agus/nó d'fhéadfadh nach bhfaigheadh daoine de do theaghlach na nithe ba mhian leat dóibh a fháil. Is féidir uacht a úsáid freisin chun do chuid neasghaolta a dhíolmhú ó cháin a íoc.

Tá sé **an-tábhachtach** go ndéanfa uacht má tá aon ghasúir faoi 18 nó aon chleithiúnaithe fadtéarmacha agat. Féadfaidh tú doiciméad a dhréachtú freisin chun **caomhnóir tiomnachta** a cheapadh le haghaidh linbh nó téarma chuige sin a chur san áireamh i d'uacht. Is duine iontaofa é seo a bheidh go hiomlán freagrach nó páirt-fhreagrach as leas aon leanaí faoi 18 i gcás do bháis.

### Conas a dhéanfaidh mé uacht atá bailí ó thaobh an dlí?

Tá treoirínnte ann atá an-dian maidir le cad a dhéanann uacht bailí. Is iad sin:

1. Ní mór don tiomnóir (an té a dhéanann an uacht) a bheith **os cionn 18 bliain d'aois** (nó a bheith pósta; ach, mura bhfaighidh tú Ordú Díolúine Cúirte, is é 18 an aois phósta dhlíthiúil).
2. Caithfidh sé/sí gníomhú dá dheoin/deoin féin – ní faoi bhrú ó dhuine eile.
3. Caithfidh sé/sí a bheith slán ó thaobh meabhrach agus cuimhne agus tuiscint go bhfuil sé/sí ag déanamh uachta.
4. Caithfidh an tiomnóir fios a bheith aige/aici ar an gcineál agus an méid maoinne atá aige/aici agus a bheith in ann na daoine uile a bhféadfadh siad a bheith ag súil le leas a fháil óna eastát/heastát a ainmniú.
5. Caithfidh an uacht a bheith **i scríbhinn**.
6. Caithfidh an tiomnóir an uacht a shíniú ag an deireadh. Mura bhféadfaidh an tiomnóir í a shíniú, caithfidh sé/sí duine eile a ordú lena dhéanamh ina láthair. Is féidir le ceannlitreacha an tiomnóra a bheith ina 'síniú', nó mura bhfuil an tiomnóir in ann síniú go fisiciúil nó má tá sé/sí neamhliteartha, ansin féadfaidh sé/sí marc a dhéanamh mar shíniú.

7. Caithfidh an tiomnóir síniú i láthair BEIRT fhinnéithe a bheidh i láthair ag an am céanna.
8. Caithfidh na finnéithe a síniú a shíniú i láthair an tiomnóra, go hinmhianaithe i láthair a chéile ach níl gá leis sin.
9. **Ní fhéadfaidh** finné ná a chéile/céile tairbhe a fháil faoin uacht.

D'fhéadfadh go dteipfeadh ar an uacht mura gcoífeadh leis na foirmiúlachtaí sin agus, má tharlaíonn sin, is le dlí an chomharbais a chinnfeadh an tslí a dháilfeadh do mhaoin.

### **An bhféadfaidh mé an uacht a dhréachtú mé féin agus airgead a shábháil?**

Ba chóir duit comhairle dlíodóra a fháil mar gheall ar na rialacha casta a bhaineann le huacht a dhéanamh. Is minic a fhéadfaidh uacht teipeadh mar gheall nach bhfuil cearn de na rialacha comhlíonta, rud a chiallaíonn go bhféadfadh nach gcomhlíonfaí mianta an té atá básaithe. Is féidir agóid a dhéanamh in aghaidh d'uachta mura gcomhlíonann sí na ceanglais dhlíthiúla uile. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh nach mbeadh raon na saincheisteanna uile is féidir a chlúdach agus ar féidir cúram a dhéanamh dóibh le d'uacht ar eolas agat. Ach mar sin féin, is féidir le duine nach dlíodóir é/í uacht bhailí a dhréachtú agus a fhorghníomhú gan chomhairle dlí a fháil.

### **Cad is seiceadóir ann?**

Is ionann an seiceadóir agus an duine a ainmnítear san uacht a bhfuil sé mar fheidhm acu téarmaí na huachta a chomhlíonadh. Ba chóir go mbeadh níos mó ná seiceadóir amháin ann, más féidir.

Féadfaidh seiceadóirí tairbhe a fháil ón uacht (maoin, airgead nó bronntanais a fháil). Ach ní fhéadfaidh aon fhinné uachta nó céile an fhinné sin tairbhe a fháil. Caithfidh siad a bheith os cionn 18 agus gan a bheith faoi aon mhíchumas dlíthiúil: is ionann sin agus nuair atá duine urchoiscthe ó dhul i mbun dualgas áirithe mar go bhféadfadh nach bhfuil siad, mar shampla, slán ó thaobh na meabhrach nó go bhfuil siad dearbhaithe ina bhféimheach. Seachas sin ní fhéadfaidh siad deonú probháide a fháil. Le deonú probháide, féadfaidh an seiceadóir déileáil le sócmhainní an duine éagtha.

### **Cad iad na nithe ar chóir dom smaoineamh a chur san áireamh i m'uacht?**

Beidh ort smaoineamh ar na daoine a mbeidh tionchar ag d'uacht orthu - má tá céile nó páirtí agat, reatha nó roimhe seo, páirtí sibhialta, aon chlann, garchlann agus mar sin de. Beidh ort smaoineamh ar aon mhaoin atá faoi úinéireacht nó chomhúinéireacht agat, in Éirinn mar aon le thar lear. An bhfuil aon uacht choigríche déanta agat? An bhfuil aon leasa eile agat sa bhaile nó thar lear? Cad iad na nithe luachmhara atá agat – carr, seodra, scaireanna, iontaobhais aonad, troscán, cuntais bhainc agus mar sin de? An bhfuil

aon phinsin nó polasaithe árachas saoil nó dearlaice agat, agus cad iad na socruithe atá iontu sa chás go mbásaíonn tú? Ba chóir comhchuntais a scrúdú go géar mar ní tharlaíonn sé go huathoibríoch go dtógfadh sealbhóir eile an chuntais an cuntas ar láimh ar do bhás.

### **Cad is gá dom a chur san áireamh i m'uacht?**

- ✓ Ainm agus seoladh an tiomnóra.
- ✓ Cúlghairm (cealú) maidir le haon uacht a rinneadh roimhe seo.
- ✓ Ceapadh seiceadóirí – níos mó ná duine amháin más féidir, le seoltaí agus an gaol eadraibh, más ann, san áireamh.
- ✓ Liosta leagáidí (bronntanais airgid nó earraí).
- ✓ Liosta réadtiomnuithe (bronntanais réadmhaoine, mar shampla talamh).
- ✓ Clásal iarmharach – leis sin, leagtar amach an tslí ar chóir aon fhuíollach den eastát (sealúchas nó maoin) a dháileadh.
- ✓ An dáta. Mura bhfuil sé sin ann, caithfidh finn é mionnú maidir le dáta na huachta.
- ✓ Síniú an tiomnóra ag deireadh na huachta.

**Clásal fianaithe**, ar fianaise é gur shínigh an tiomnóir an uacht i láthair beirt fhinnéithe agus gur shínigh an bheirt fhinnéithe an uacht i láthair a chéile. Mura bhfuil sé sin ann, níl an uacht neamhbhailí, ach éileoidh an Oifig Probháide mionnscribhinn ó dhuine de na finnéithe.

### Sampla de chlásal fianaithe:

“Sínithe, foilsithe agus dearbhaithe ag an tiomnóir réamhráite mar huacht agus tiomna deiridh agus dá huachta agus tiomna deiridh inár láthair atá ina láthair arna n-iarraidh aici agus i láthair a chéile tá ár ainmneacha sínithe againn leis an uacht seo mar fhinné, agus é clóite/scriófa ar leathanach singil amháin A4.”

Roimhe seo, **tiomnóir** ab ea an focal a d’úsáidte dá mba rud é gur fear ab é an duine a bhí ag déanamh uachta agus **bantiomnóir** a d’úsáidte dá mba rud é gur bean a bhí i gceist, ach is ‘tiomnóir’ a úsáidtear i gcoitinne anois le haghaidh fir agus mná araon.

### An bhféadfaidh mé m’uacht a athrú?

Féadfaidh tú d’uacht a athrú ag dáta níos déanaí. Is smaoineamh maith é do dhuine a bhfuil uacht déanta acu é a léamh agus a athbhreithniú d’athruithe gach cúig bhliana nó mar sin. Ní mór gach athrú agus ábhar breise a shíniú, dáta a chur leo agus a fhianú ar an tslí chéanna mar a rinneadh leis an uacht.

### **An bhféadfaidh mé níos mó ná uacht amháin a dhéanamh?**

Féadfaidh tú níos mó ná uacht amháin a dhéanamh, mar shampla, nuair atá maoin faoi úinéireacht agat i níos mó ná tír amháin. Más mian leat uacht iomlán nua a dhéanamh maidir le maoin áirithe, ní mór duit uacht roimhe sin ina ndéileáiltear leis an maoin chéanna a **chúlghairm** (a chealú).

### **Tarlaíonn cúlghairm uachta go huathoibríoch sna cásanna seo a leanas:**

- Má phósann tú nó má théann tú isteach i bpáirtnéireacht shibhialta, déanfar d'uacht a chúlghairm, mura ndearna tú d'uacht agus tú ag machnamh ar an bpósadh nó ar an bpáirtnéireacht shibhialta sin.
- Má dhéanann tú uacht eile, déanfar an chéad uacht a rinne tú a chúlghairm.
- Má dhréachtaíonn tú doiciméad i scríbhinn a dhéanfar a fhorghníomhú de réir na gceanglas maidir le huacht, déanfar do chéad cheann a chúlghairm.
- Ní mheasfar é a bheith bailí a thuilleadh má dhéanann tú d'uacht a dhó, a stróiceadh nó a scriosadh. Nó má fhaigheann tú duine eile lena scriosadh, déanfar d'uacht a chúlghairm, ar choinníoll go ndearnadh é sin i do láthair, le do thoiliú, agus leis an rún d'uacht a chúlghairm.



### An bhféadfaidh mise cinneadh cé a gheobhaidh céard?

- Is féidir leatsa do rogha daoine chun maoin nó sócmhainn a fháil a leagan síos i d'uacht agus is fútsa atá sé an tslí a ndéanfar d'eastát a roinnt a chinneadh. Ach, anuas air sin, cinntíonn an dlí go bhfaighidh do **bhean chéile nó d'fhear céile** a mhaireann cion ar leith de d'eastát ar a dtugtar 'sciar cheart dlíthiúil'. Is aon leath amháin de d'eastát a bheidh i gceist leis sin mura bhfuil aon pháistí i gceist agus aon trian má tá páistí i gceist.
- Tá an 'sciar cheart dlíthiúil' céanna le céilí ar fáil ag **páirtnéirí sibhialta**, arb ionann é agus aon leath amháin den eastát mura bhfuil aon pháistí i gceist agus aon trian má tá páistí i gceist. Is féidir le céile nó le páirtnéir sibhialta diúltú dá gceart ar sciar dlíthiúil, i scríbhinn. Sainmhínítear páirtnéir sibhialta sa dlí mar ceachtar de bheirt den inscne chéanna atá i bpáirtnéireacht sibhialta bhailí reatha a aithnítear faoin dlí nó in aon chaidreamh dlíthiúil eile a nglactar leis faoin Acht. Tá na cearta comharbais céanna ag páirtnéirí sibhialta agus atá ag céilí sa mhéad is, nuair atá siad cláraithe, beidh páirtnéirí sibhialta faoi réir chearta comharbais uathoibríocha ar bhás a chéile. Ar nós daoine atá pósta, beidh an tsaoirse thiomnach ansin srianta go mór.

An Bille um  
Páirtnéireacht  
Sibhialta  
2010  
uachtanna  
agus  
díthiomnacht

- Murab ionann le páirtneírí sibhialta, níl cearta dlí comharbais uathoibríocha ag **comhchónaitheoirí** ar eastát a bpáirtneírí éagtha.

Ina áit sin, tá scéim sásaimh ann lena bhféadfaidh comhchónaitheoir cáilithe iarratas a dhéanamh ar chúram a dhéanamh dó as eastát an dhuine atá básaithe. Ciallaíonn 'comhchónaitheoir cáilithe' go bhfuil tú ag comhchónaí leis an duine le cúig bliana nó níos faide mura bhfuil páistí i gceist nó le dhá bhliain má tá páiste nó páistí agaibh le chéile. Tá teorainn ama sé mhí i gceist faoin reachtaíocht ina gcaithfidh comhchónaitheoir cáilithe iarratas den sórt sin a dhéanamh. Chomh maith leis sin, agus cúram á dhéanamh ag an gcúirt d'iarratasóir faoin scéim sásaimh, ní fhéadfar sciar a mbeadh céile nó páirtneír sibhialta ina theideal trí dhíthiomnacht nó trí sciar cheart dlíthiúil a shárú. I gcás a mbeadh comhchónaitheoir pósta ag tráth a bháis, ní fhéadfaidh iarratas arna thionscnamh ag comhchónaitheoir tionchar a imirt ar sciar cheart dlíthiúil an chéile.

Cuid 15 den  
Acht um  
Páirtneireacht  
Sibhialta  
2010

### **Cad faoi cúram a dhéanamh do mo pháistí?**

Foráiltear sa dlí go nglacfar leis go rachaidh roinnt íocaíochtaí a dhéanfar le páistí i rith saol tiomnóra i dtreo oidhreacht an pháiste sin a shásamh. Leis sin, clúdaítear íocaíochtaí a mheasfar iad a bheith ina 'mbuanchúram' do pháiste.

Mura raibh sé i gceist go sásódh íocaíocht a rinneadh leis an bpáiste i rith saol an tiomnóra oidhreacht an pháiste, ba chóir é sin a dhearbhu le huacht.

Ba chóir duit a thabhairt ar aird **nach bhfuil ceart uathoibríoch** ag do pháistí ábhar a fháil **le hoidhreacht** uait. Dá bhrí sin, ba chóir duit cúram soiléir a dhéanamh dóibh i d'uacht agus lua cén sciar atá ag dul chuig cén pháiste.

Ach, má mhothaíonn páiste nó a chaomhnóir/caomhnóir nach bhfuil cúram ceart déanta dó/di san uacht, féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh ar chúirt an t-ábhar sin a bhreithniú. Cinnfidh an chúirt ansin cibé ar theip ar an tuismitheoir éagtha cúram ceart a dhéanamh don pháiste sin san uacht. I gcás go gcreideann an chúirt gur theip ar an tiomnóir lena dhualgas/dualgas morálta cúram ceart a dhéanamh don pháiste de réir a acmhainne/hacmhainne, dá dheoin/deoin nó eile, féadfaidh an chúirt ordú go ndéanfar cúram ceart agus cóir don pháiste as an eastát.

Alt 117  
den Acht  
Comharbais  
1965  
uachtanna  
agus  
díthiomnacht

**Tabhair ar aird** gur féidir le ‘páiste’ faoi alt 117 tagairt a dhéanamh freisin do dhuine atá 18 bliain d’aois nó níos sine. Más páiste nó páiste uchtaithe tú ar aois ar bith, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna faoi alt 117.

### **Cad is iontaobhaithe ann?**

Má tá do chuid páistí an-óg, b’fhéidir gur mian leat tiomnacht a chur ar leataobh dóibh nó go mbainfidh siad aois ar leith amach. Ar an dóigh chéanna, b’fhéidir gur mian leat tiomnacht a thabhairt do dhuine a dteastaíonn cúnamh uaidh nó uaithi lena chuid/cuid gnóthaí a bhainistiú. Is féidir leat iontaobhaithe a cheapadh sa chás sin le tiomnacht a choinneáil in iontaobhas don tairbhí nó go mbainfidh sé nó sí an aois ar leith amach, nó ar bhonn leanúnach más gá. Is féidir le hiontaobhaithe tairbhe a fháil as an uacht freisin. Beidh an chumhacht acu cúram a dhéanamh don tiomnacht agus é a íoc amach, i bpáirt nó ina iomlán thar ceann an tairbhí, mar a shonraítear san uacht. Beidh ort cad a bheidh le tarlú le haon chuid d’oidhreacht sa chás go bhfaigheadh an tairbhí bás a lua san uacht.

D’fhéadfaí iontaobhas a úsáid freisin mura bhfuil ar chumas an tairbhí a chuid nó a cuid gnóthaí a bhainistiú ar chúis ar bith.

### Cad is caomhnóirí ann?

Is ionann caomhnóir agus an duine nó na daoine a ainmníonn tú le gníomhú mar thuismitheoir dá mba rud é go bhfaighfeá bás sula mbainfidh do pháistí aois 18 bliain amach. Ní hionann é sin agus ról iontaobhaí, a bhainistíonn ciste nó oidhreacht an pháiste, ach is féidir le caomhnóirí a bheith ina n-iontaobhaithe freisin. Mura n-ainmníonn tú daoine le gníomhú mar chaomhnóirí i d'uacht, ar thráth do bháis ansin, beidh ar do ghaolta iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt le caomhnóir a cheapadh le haghaidh na bpáistí. Dá bhrí sin, moltar go mór duit caomhnóirí le haghaidh do phaistí a ainmniú i d'uacht, ag cur nithe san áireamh mar an tslí agus an áit ar mhaith leat go dtógfaí iad agus cén chúram a dhéanfaí dá n-oideachas mar shampla.

### Conas is féidir liom cúram a dhéanamh do mo chéile nó do mo pháirtneír?

Má fhaigheann tú bás agus uacht déanta agat, ar a dtugtar tiomnacht, beidh do bhean chéile/d'fear céile i dteideal na nithe seo a leanas de réir an dlí beag beann ar a gcuireann tú i d'uacht;

- a) aon trian d'eastát, sa chás go bhfuil páistí agat a mhaireann; nó
- b) leath de d'eastát, mura bhfuil páistí agat a mhaireann.

Tá sé sin sa bhreis ar aon **chómhaoin** a d'fhéadfadh a bheith agat le do chéile, ar chóir é a bhreithniú freisin agus tú ag déanamh d'uachta.

I gcás comhchuntais bhainc, ní mór a thabhairt ar aird go bhfuil sé sin casta go dlíthiúil agus baineann nithe leo mar théarmaí an chonartha bhainc, cad go díreach a bhí de rún agat agus comhshealbhóir an chuntais nuair a shocraigh sibh suas an cuntas agus an méid a chur gach aon duine agaibh isteach sa chuntas. Bíonn an cás sin conspóideach go háirithe nuair nach é do chéile nó do pháiste comhshealbhóir an chuntais. Tá sé an-tábhachtach dá bhrí sin go bhfágann tú treoracha sonracha i scríbhinn i d'uacht agus ag comhshealbhóir eile an chuntais maidir le cé a gheobhaidh do sciarsa de chomhchuntas, agus na nithe thuasluaite á gcur san áireamh.

### **Cad faoi m'iar-pháirtneír?**

Is féidir leat conspóid tar éis do bháis maidir le teidlíochtaí a mhaolú trí aon chúram atá le déanamh d'aon iar-pháirtneírí a shonrú i d'uacht.

- Má tá tú **colscartha**, cinnfear aon éilimh ó iar-chéile le téarmaí an ordaithe cúirte. Déantar é sin mar cé go gcuirtear cearta oidhreachta 'ar ceal' nó go mbaintear iad le colscaradh, is féidir cúram a dhéanamh le haghaidh tacaí do chéile as d'eastát amach anseo san ordú cúirte ag tráth an cholscartha.
- Ní chuirtear cearta comharbais ar ceal go huathoibríoch le **hidirscaradh dlíthiúil ná idirscaradh breithiúnach**, ach is féidir é sin a dhéanamh ag brath ar théarmaí an chomhaontaithe idirscartha nó an idirscartha bhreithiúnaigh – beidh ort é sin a fhiosrú agus tú ag déanamh na huachta.

### Cómhaoin

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird freisin an comhthionóntacht atá sa chómhaoin (cás ina bhfaighidh an páirtneír a mhaireann oidhreacht go huathoibríoch ar do bhás) nó tionóntacht i bpáirt (cás nach bhfuil aon cheart uathoibríoch ag an bpáirtneír a mhaireann ar do sciar agus ina bhféadfaidh tú é a fhágáil ag aon tairbhí/tairbhithe i d'uacht).

### Díthiomnacht

Sa chás nach bhfuil uacht déanta ag duine nó go bhfuil an uacht a rinne siad neamhbhailí, deirtear gur bhásaigh an duine sin ina dhíthiomnach. Sa chás sin, dáiltear a mhaoin nó a maoin de réir dlí díthiomnachta arna leagan síos san Acht Comharbais 1965. I gcás go bhfaigheann roinnt de na daoine sin a raibh oidhreacht le fáil acu bás roimh an tiomnóir, d'fhéadfadh a bpáistí a bheith i dteideal sciar den eastát.

Tá an dlí athraithe ó 2011 le foráil a dhéanamh do pháirtneírí sibhialta i ndáil lena sciar cheart dlíthiúil i gcás de chomharbas díthiomnach. Foráiltear le Cuid 8 den Acht um Páirtneireacht Shibhialta 2010 go bhfuil, ar dhíthiomnacht, páirtneír sibhialta a mhaireann i dteideal, mar cheart, an sciar céanna is a bheadh ag céile a mhaireann; i bhfocail eile, dhá thrian den eastát má tá páistí i gceist agus an t-eastát uile mura bhfuil páistí i gceist.

An tAcht um Páirtneireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010

An gaol a mhaireann

Sciar

Céile/páirtneir sibhialta agus páistí

Dhá thrian ag an gcéile/bpáirtneir sibhialta agus an chuid atá fágtha ag na páistí

Céile/páirtneir sibhialta gan pháistí

An t-eastát iomlán ag an gcéile/bpáirtneir sibhialta

Páistí agus gan céile/pháirtneir sibhialta

An t-eastát iomlán ag na páistí

Athair, máthair, deartháireacha agus deirfiúracha

Aon leath amháin ag gach aon tuismitheoir

Tuismitheoir, deartháireacha agus deirfiúracha

An t-eastát iomlán ag an tuismitheoir

Deartháireacha agus deirfiúracha

Sciar cothrom acu uile

Nianna agus neachtanna

Sciar cothrom acu uile



### **An mbeidh ar thairbhíthe cáin a íoc?**

D'fhéadfadh go mbeadh ar thairbhíthe Cáin Fháltas Caipitiúil (CAT) a íoc má théann méid na tairbhe - i gcomhar le haon tairbhe a tógadh roimhe sin – thar thairseach áirithe. Athraíonn na tairseacha ag brath ar an gcaidreamh teaghlaigh leis an duine atá básaithe. Baineann tairseach níos airde le hoidhreacht ó thuismitheoir do pháiste agus de ghnáth ó pháiste do thuismitheoir ná mar a bheadh le hoidhreacht idir gaolta eile. **Tá céilí nó páirtneírí sibhialta díolmhaithe ó cháin oidhreachta.** Baineann tairseach níos ísle le hoidhreachtaí ó ghaolta i bhfad amach nó ó dhaoine nach gaolta iad.

**Spríoc-amanna:** Tá duine ar bith a fhaigheann oidhreacht nuair a bhásaíonn duine eile freagrach go dlíthiúil as a

Cháin/a Cáin Fháltas Caipitiúil

a íoc roimh an spríoc-am iomchuí. (Ach, má tá an duine a fhaigheann tairbhe ina chónaí lasmuigh den stát, ní mór don seiceadóir / riarthóir nó a aturnae/a haturnae feidhmiú mar ghníomhaire le déileáil leis an dliteanas cánach.) Is é an dáta íocaíochta iomchuí 31 Deireadh Fómhair na bliana céanna ina bhfaightear an oidhreacht idir 1 Eanáir agus 31 Lúnasa, nó 31 Deireadh Fómhair na bliana i ndiaidh é a fháil idir 1 Meán Fómhair agus 31 Nollaig.

An tAcht  
Airgeadais  
2010

Mura n-éireoidh leat an cháin a íoc faoin sprioc-am, beidh ort ús a íoc ar an méid atá dlite ag tosú ó dháta na luachála. Tabhair ar aird go rachaidh aon íocaíochtaí a dhéanfaidh tú ansin chun an t-ús a íoc, sula n-íocfar an cháin iarbhír atá dlite uait.

**Dáta luachála:** Is é an dáta luachála an dáta a ríomhtar luach margaidh na sócmhainne atá á fáil le hoidhreacht. D'fhéadfadh gurb é sin dáta an bháis, dáta deonaithe na probháide nó dáta an aistrithe chuig an tairbhí, ag brath ar na cúinsí. Tuilleadh eolais ag <http://www.revenue.ie/en/tax/cat/guide/valuati on-date.html>

**Rátaí cánach:** Is 33% é an gnáthráta cánach i ndáil le bronntanais agus oidhreachtaí a nglactar leo ar nó i ndiaidh an 6 Nollaig 2012.

BLIAIN	Grúpa A	Grúpa B	Grúpa C
	(Mac/Iníon)* (i ndiaidh innéacsaithe)	(Tuismitheoir**/Deartháir/Deirfiúr/Neacht/ Nia/Garpháiste) (i ndiaidh innéacsaithe)	(Caidreamh seachas é sin ag A/B) (i ndiaidh innéacsaithe)
Amhail an 06/12/2012 nó	€ 225,000	€ 30,150	€ 15,075

\* Páistí páirtneírí sibhialta san áireamh

\*\* I gcúinsí áirithe is féidir le tuismitheoirí a thógann oidhreacht ó pháistí cáiliú do thairseach Ghrúpa A.

Athraíonn na tairseacha sin go rialta agus is féidir teacht ar fhiigiúirí cothrom le dáta ar líne ag [http://bit.ly/cat\\_thresholds](http://bit.ly/cat_thresholds)

### **An bhfuil aon díolúintí ar fáil maidir le CAT?**

Ciallaíonn an díolúine chánach Faoiseamh Theach Cónaithe nach mbeidh ar dhuine a fhaigheann teach cónaithe mar bhronntanas nó le hoidhreacht Cáin Fháiltas Caipitiúil a íoc ina leith, ar na coinníollacha seo a leanas:

- Go bhfuil sé/sí ina chónaí/cónaí sa teach sin le trí bliana roimh dháta an bhronntanais/na hoidhreachta.
- Nach bhfuil, i ndiaidh dáta an bhronntanais/na hoidhreachta, teideal tairbhiúil aige/aici, go hiomlán ná i bpáirt ar aon theach cónaithe eile, agus nach bhfuil aon teach eile faoina úinéireacht/húineireacht ná chomhúineireacht/comhúinéireacht.
- Ag dáta an bhronntanais/na hoidhreachta den teach sin, go leanfaidh an duine ar aghaidh ina chónaí ar feadh tréimhse 6 bliana, sé sin mura bhfuil siad 55 bliain nó níos sine.

### **Tuilleadh Eolais**

Is féidir ceisteanna maidir le cáin oidhreachta agus probháid a chur trí ríomhphost a sheoladh chuig [captax@revenue.ie](mailto:captax@revenue.ie) nó trí ghlaoch ar aonad eolais na gCoimisinéirí Ioncaim do cháiníocóirí ar Íosghlao 1890 201104.

Is féidir fáil amach faoi thairseacha CAT a ghearrtar ar bhronntanais agus ar oidhreachtaí ar láithreán gréasáin Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

### **An féidir liom cúnamh dlí a fháil le huacht a dhéanamh?**

D'fhéadfadh go mbeifeá incháilithe do chúnamh dlí más duine ar acmhainn mheasartha tú. Caithfidh d'ioncam indiúscartha agus sócmhainní a bheith faoi thairseach áirithe le cáiliú do chúnamh dlí i gcásanna sibhialta, ní mór go mbeadh fiúntas ag baint leis an gcás agus ní fhéadfaidh aon bhealach sásúil eile a bheith ann leis an bhfadhb a réiteach. Tar éis faomhadh a fháil, cuirfidh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil seirbhísí aturnae ar fáil duit agus seirbhísí abhcóide más gá. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlí le haghaidh níos mó ná hábhar ag an am. Is Ionaid Dlí a thugtar ar oifigí an Bhoird agus tá siad lonnaithe ar fud na tíre. Cuir glaoch ar 1890 615 200 chun an tlonad Dlí is gaire duit a aimsiú.

Caithfidh gach duine a ndéanfaítear comhairle agus/nó cúnamh dlí orthu táille ar a dtugtar ranníocaíocht a íoc leis an mBord. Is €30 é an ranníocaíocht íosta le haghaidh comhairle dlí agus €130 le haghaidh cúnamh dlí. Inseoidh foireann an ionaid dlí cad é ranníocaíocht a bheidh le híoc mar déantar gach duine a mheasúnú ar bhonn aonair.

Caithfidh tú tástáil acmhainne a shásamh ar dtús sula gcáileoidh tú do chúnamh dlí. Caithfidh d'ioncam indiúscartha a bheith níos ísle ná €18,000 agus ní fhéadfaidh do chaipiteal indiúscartha a bheith níos airde ná €100,000.

Má tá liúntais á bhfáil agat, cuirfear san áireamh iad agus tá siad inasbhainte agus

ioncam indiúscartha á ríomh. Is €6,000 an páiste in aghaidh na bliana é an liúntas uasta ar shaoráidí cúram leanaí má tá tú ag obair agus is €8,000 é an liúntas uasta ar chostais chóiríochta (m.sh. cíos) in aghaidh na bliana. Déantar an Tobhach a bhaineann le Pinsin Seirbhíse Poiblí agus an Muirear Sóisialta Uilíoch a bhreithniú anois agus tá siad inasbhainte do chríocha measúnaithe.

Déantar luach maidir le teach iarratasóra agus a bhfuil ann de ghnáth a eisiadh agus luach a acmhainní/hacmhainní caipitiúla (maoin) á mheasúnú. Má théann do chuid acmhainní caipitiúla thar €4,000, caithfidh tú Ráiteas Caipitil a chomhlánú.

Déan teagmháil leis an Ionad Dlí áitiúil le haghaidh tuilleadh eolais ar riachtanais incháilitheachta airgeadais nó le haghaidh sonraí maidir le liúntais eile. Tá liosta iomlán ar fáil ag [www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie). Tá treoir ullmhaithe ag FLAC maidir leis an gcóras do chúnamh dlí agus is féidir é a íoslódáil ag [bit.ly/CLAflacsheet](http://bit.ly/CLAflacsheet).

### **An bhfuil tuilleadh eolais uait?**

Tá bileoga eolais dlí maidir le réimsí eile dlí ar fáil freisin ó FLAC. Is féidir iad a íoslódáil in aisce i bhfoirm PDF ar láithreán gréasáin FLAC nó is féidir leagan clóite a fháil ón ionad FLAC nó Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.

**Nótaí**

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

## Ráiteas Misin FLAC

Is eagraíocht chearta daonna é FLAC (Ionaid Saor-Chomhairle Dlí) atá ann chun rochtain chothrom ar cheartas a chur chun cinn do chách

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an leabhráin eolais seo a chinntiú, is le haghaidh eolas ginearálta dlí amháin atá sé ar fáil agus níl sé beartaithe le húsáid in ionad comhairle dlí. Tá an t-eolas atá ann ceart amhail dáta a fhoilsithe. Ní ghlacann FLAC aon dliteanas dlíthiúil as an ábhar atá sa leabhrán eolais seo. Ba chóir do dhaoine a bhfuil fadhbanna dlí sonracha acu dul i gcomhairle le haturna.

Tá FLAC buíoch do John Costello, aturna, as a chúnadh leis an leabhrán seo a thabhairt cothrom le dáta agus a athbhreithniú.

### Fógra FLA maidir le téacsanna aistrithe

Níl FLAC (Ionaid Saorchomhairle Dlí) freagrach ná faoi dhliteanas as cruinneas aon aistriúcháin ar a gcuid oibre. Is é an leagan Béarla den téacs arna chruthú ag FLAC an téacs oifigiúil atá ar fáil ag [www.flac.ie](http://www.flac.ie) nó trí theagmháil a dhéanamh le FLAC. Níl FLAC freagrach as aon neamhréitigh ná difríochtaí san aistriúchán agus má thagann aon cheisteanna chun cinn ón aistriúchán, féach le do thoil ar an téacs bunaidh.

Tabhair ar aird le do thoil go bhfuil an téacs sa leagan bunaidh ceart amhail an dáta a léirítear agus go bhféadfadh aon fhobairtí dlí a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn san idirthréimhse tionchar a imirt ar chruinneas an eolais ann. Moltar duit tú féin a chur ar an eolas maidir le haon fhorbairtí dá leithéid sula mbraithfidh tú ar an eolas sa cháipéis seo.



promoting access to justice

© FLAC – Ionaid Saor-Chomhairle Dlí, Iúil 2014

Íosghlao: 1890 350 250 | [www.flac.ie](http://www.flac.ie)



@flacireland



fb.me/flacireland

Thacaigh an Bord um  
Fhaisnéis do Shaoránaigh leis  
an bhfoilseachán seo agus  
pháirtmhaoine an Bord é.

Citizens Information